



An Bhruiséil, 5 Nollaig 2019
(OR. en)

14715/19

ENV 977
CLIMA 318

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Beartas comhshaoil agus aeráide an Aontais sa téarma reachtach nua – Malartú tuairimí

1. Ag féachaint don mhalartú tuairimí idir na hairí maidir leis an ábhar thuasluaite ag an ggeruinniú a bheidh ag an gComhairle (Comhshaol) ar an 19 Nollaig 2019, gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta cúlra ón Uachtaránacht, mar aon le dhá cheist chun cabhrú leis an bplé a struchtúró.
2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta cúlra ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle chun tuairimí a mhalartú.

Beartas comhshaoil agus aeráide an Aontais sa téarma reachtach nua**Nóta cúlra don díospóireacht bheartais ag an gComhairle (Comhshaol) ar an 19 Nollaig 2019**

Bunaítear leis an gClár Oibre Straitéiseach don Aontas do 2019-2024 an t-aistriú chuig aeráidneodracht, cailliúint na bithéagsúlachta a chomhrac, an comhshaol a fheabhsú agus inbhuanaitheacht an gheilleagair a áirithiú mar thosaíochtaí leathana in obair Bhallstáit agus institiúidí an Aontais. Iarrtar ar an gClár Oibre Straitéiseach dlús a chur go práinneach lenár ngníomhaíocht chun bainistiú a dhéanamh ar an mbagairt eiseach a bhaineann leis an athrú aeráide agus ar na héifeachtaí a ghabhann leis. Is féidir leis an Aontas agus ní mór don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta, trí chlaohlú domhain a dhéanamh ar a gheilleagar féin agus ar a shochaí féin lena gcuirtear san áireamh éagsúlacht na gcásanna i réigiúin éagsúla an Aontais.

Tá an deis chun cosc a chur le damáiste do-iompaithe don phláinéad agus don chine daonna ag laghdú go tapa. Is de chineál idirghaolmhar agus domhanda iad na treochtaí scanrúla idirghaolmhar agus domhanda de réir a gcineáil, agus cuireann siad geilleagair, slite beatha, slándáil bia agus cáilíocht beatha daoine i mbaol ar fud na cruinne. Ní mór an fhreagairt ar dhá phríomhdhúshlán ár linne — an t-athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta — a bheith ina túsphointe do cheapadh beartais na hEorpa sna cúig bliana amach romhainn. Mar a leagtar amach sa Chlár Oibre Straitéiseach, ba cheart beartais an Aontais a bheith i gcomhréir le Comhaontú Pháras. Ina theannta sin, cuirfidh an tAontas an fhorbairt inbhuanaithe chun cinn, cuirfidh sé Clár Oibre 2030 chun feidhme, agus beidh sé ina cheann feadhna maidir le cailliúint na bithéagsúlachta a chomhrac. Ba cheart an fhreagairt ar na dúshláin atá os ár gcomhair amach a stiúradh trí chlár oibre dearfach. Sna cúig bliana amach romhainn, ní mór do gach institiúid oibriú le chéile chun réitigh agus deiseanna a chruthú.

Tá obair déanta ag an gComhairle chun ugach a thabhairt don Choimisiún nua agus i ndáil lena chlár oibre. I ndáil leis an méid sin, d'oibrigh an Chomhairle Comhshaoil le déanaí ar an ngeilleagar ciorclach agus ar an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, mar shampla, agus ghlac sí conclúidí ina leith sin, agus tá obair ar bun i láthair na huaire ar chonclúidí maidir le creat domhanda bithéagsúlachta ó 2020 ar aghaidh. Le bliain anuas, tá measúnú fairsing déanta ag foirmíochtaí éagsúla de chuid na Comhairle ar ghnéithe a bhaineann leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach san Aontas, agus sin bunaithe ar an teachtaireacht ón gCoimisiún *A Clean Planet for all – A European strategic long-term vision for a prosperous, modern, competitive and climate neutral economy* [Pláinéad Glan do Chách — Fís straitéiseach fhadtéarmach do gheilleagar rathúil, nua-aimseartha, iomaíoch agus aeráidneodrach].

Ina clár oibre don Eoraip, cuireann Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, a Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2019-2024 i láthair, agus sé phríomh-uaillmhian iontu, arb é an Comhaontú Glas don Eoraip ceann amháin acu. Ní mór don Eoraip a bheith ar thús cadhnaíochta san aistriú chuig pláinéad folláin. Beidh an Comhaontú Glas don Eoraip ina ionstraim lárnach de reachtas 2019-2024.

Áirítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip an fhís maidir leis an Eoraip a bheith ar an gcéad ilchríoch aeráidneodrach, trí bheartais amhail Dlí Aeráide agus méadú ar spriocanna 2030.

Féachann sé freisin le haistriú atá cóir ó thaobh na sochaí de a áirithiú do chách agus le sreafaí airgeadais agus infheistíochtaí a ailíniú chun tacú leis an gclaochlú. Faoin gComhaontú Glas don Eoraip, tá Straitéis Bithéagsúlachta do 2030 le tíolacadh, lena leagfar síos an bealach do cheannaireacht dhomhanda na hEorpa, agus lena n-ullmhófar an obair chun srian a chur le cailliúint na bithéagsúlachta laistigh de na cúig bliana amach romhainn. Tíolacfar Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach Nua, ina ndíreofar ar úsáid inbhuanaithe acmhainní, go háirithe in earnálacha atá dian ar acmhainní agus a bhfuil tionchar mór acu, amhail teicstílí agus foirgníocht. Cuirfear uaillmhian maidir le truailliú nialasach chun cinn freisin, lena leagfar síos straitéis trasgearrtha chun sláinte na saoránach a chosaint ar dhíghrádú comhshaoil agus ar thruailliú, lena dtabharfar aghaidh ar cháilíocht an aeir agus an uisce, ceimiceáin ghuaiseacha, astaíochtaí tionsclaíocha, lotnaidicídí agus suaiteoirí inchríneacha.

Agus leas á bhaint as fócas Chlár Oibre Straitéiseach na Comhairle ar an gcomhar idirinstiúideach, agus d'fhonn freagairt ar na gealltanais a fógraíodh cheana faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus ionchur a chur ar fáil ina leith, chomh maith le tuilleadh gníomhaíochtaí a réamh-mheas, iarrann Uachtaránacht na Fionlainne ar an gComhairle Comhshaoil tuairimí a mhalartú maidir leis na gníomhaíochtaí is gá, agus maidir leis an mbealach chun cinn i ndáil le beartas comhshaoil agus aeráide an Aontais sa téarma reachtach nua.

Ceisteanna do na hAirí:

1. Cad iad na gealltanais dá dtabharfá tús áite ar leibhéal an Aontais in 2019-2024, d'fhonn an t-athrú ó bhonn is gá a spreagadh chun an díghrádú aeráide agus comhshaoil a aisiompú, agus chun inbhuanaitheacht ár sochaí agus ár ngeilleagair a áirithiú?
2. Cén chaoi a bhféadfaimis an leas is fearr a bhaint as na sineirgí idir an Comhaontú Glas don Eoraip agus cuspóirí eile de chuid an Aontais a thapú, agus a áirithiú nach gcuirfidh beartais agus gníomhaíochtaí eile an Aontais in aghaidh chuspóirí an Chomhshocraithe Ghlais don Eoraip?